C/2026/4632

28.8.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4632)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Jambon du Kintoa'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-02166-AM01 — 28.5.2026

1. **Ainm an táirge**

'Jambon du Kintoa'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar an ATFC 'Jambon du Kintoa' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint/an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl baol ann go gcuirfeadh sé an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

SAINIÚ AN LIMISTÉIR GHEOGRAFAIGH

Tuairisc

Rinneadh liosta na mbardas a nuashonrú i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025, gan athrú a dhéanamh ar an sainiú ar an limistéar geografach atá ann faoi láthair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

SAINIÚ AN LIMISTÉIR GHEOGRAFAIGH

Tuairisc

Limistéir innilte a ainmniú:

Méadaíodh an tréimhse a mbeidh ainmniú na limistéar innilte bailí lena linn ó 5 bliana go 10 mbliana ón dáta a fhormheasann an coiste náisiúnta iad.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

TAGAIRTÍ DON CHOMHLACHT CIGIREACHTA

Tuairisc

Rinneadh an roinn seo a nuashonrú i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm. Tugadh na sonraí teagmhála cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

MIONSONRAÍ SONRACHA MAIDIR LE LIPÉADÚ

Tuairisc

Scriosadh an fhoráil seo a leanas toisc nach bhfuil sí ábhartha a thuilleadh: ‘na focail “appellation d’origine contrôlée” (ainmniúchán tionscnaimh cláraithe) go dtí go gcláraíonn an tAontas Eorpach iad.’

Rinneadh an tuairisc ar an lipéadú a nuashonrú chun an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chur san áireamh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Jambon du Kintoa’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-02166-AM01 — 28.5.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Jambon du Kintoa’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 – ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is é atá i 'Jambon du Kintoa' liamhás tirimleasaithe a tháirgtear de réir próiseas fada a mhaireann 16 mhí ar a laghad, lena n-áirítear 10 mí ar a laghad d'aibiú faoi dhálaí nádúrtha.

Is féidir é a mhargú ina iomláine, gan chnámha agus iomlán, gan chnámha agus gearrtha ina gceithre chuid, nó slisnithe.

Nuair a mhargaítear ina iomláine é, agus cnámha agus crúibíní iomlána ann, bíonn cruth ubhchruthach ar 'Jambon du Kintoa', agus ní mór an fad idir ceann an fhéimir agus barr na coise a bheith níos mó ná 10 cm. Cuirtear i láthair é agus lipéad sonrach 'Kintoa' ann i gceangal le ceann an fhéimir. Déantar an liamhás a chuimilt i bpúdar phiobar ATFC 'Piment d'Espelette' sula ndéantar é a phacáistiú.

Tá na saintréithe seo a leanas ag 'Jambon du Kintoa': cion salainn (NaCl) is lú ná 7 % sa mhatán leathscannánach, nó atá comhionann leis sin; cion uasta taise 60 %; cion lipide ionmhatánaí ar mó é ná 4 %, nó atá comhionann le 4 %, sa mhatán leathscannánach; dath suntasach feola deirge; dath saille idir bán go scoth-bhándearg; cuma mharmarach; uigeacht mhín, bhog na saille; déine agus ardleibhéal castachta aramataí (im, casarnach, feoil leasaithe, torthaí triomaithe lena n-áirítear cnó coill, subh); agus blas dian a fhanann sa bhéal.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ní mór beatha ainmhithe a fhoinsiú go príomha ón limistéar geografach sainithe. Ceadaítear beatha áirithe a fháil ó áiteanna lasmuigh den limistéar geografach mar gheall ar an topagrafaíocht an-droimneach nach n-oireann do dhianfheirmeoireacht ná do bharra.

Le haghaidh tomhaltas iomlán measta 848 kg d'ábhar tirim in aghaidh na muice ó bhreith go marú, féadfar a mheas gurb é 69,5 % ar a laghad an sciar den bheatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh.

Sa tréimhse ón scoitheadh go dtí 3 mhí d'aois, ní mór 20 % ar a laghad (in ábhar tirim) de ghránaigh ón limistéar geografach a bheith sa bheatha; ní fhéadfaidh méid iomlán na beatha a thugtar a bheith níos mó ná 60 kg d'ollmheáchan in aghaidh an bhainbh.

Maidir le muca os cionn 3 mhí d'aois, ní mór 70 % ar a laghad (in ábhar tirim) d'amhábhar ón limistéar geografach a bheith sa bheatha; ní mór 60 % ar a laghad (in ábhar tirim) de ghránaigh agus a dtáirgí díorthaithe a bheith san fhoirmle bheatha. Is é an uasmhéid laethúil beatha a fhéadfar a thabhairt 3,2 kg d'ollmheáchan in aghaidh na muice idir 3 mhí agus 8 mí, agus 2,7 kg d'ollmheáchan in aghaidh na muice ó 8 mí ar aghaidh.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn gach céim i dtáirgeadh 'Jambon du Kintoa', ó bhreith na muc go dtí an tráth aibíochta, sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Gan beann ar na tagairtí rialála is infheidhme maidir le lipéadú táirgí feola ullmhaithe, ní mór na tagairtí seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— an dáta saillte;

— ainm cláraithe an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Jambon du Kintoa' i gcarachtair atá ar a laghad ar aon mhéid leis na carachtair is mó ar an lipéad agus, sa réimse radhairc céanna, lógó ATFC an Aontais Eorpaigh, a d'fhéadfaí a fhorlíonadh leis na focail 'appellation d'origine protégée' scríofa amach ina n-iomláine;

— lógó daite ‘Kintoa’ arna chur ar fáil ag an ngrúpa, ina bhfuil an focal ‘Kintoa’, agus coróin ríthe Navarre agus líníocht de cheann muice de phór na mBascach timpeall air;

— ar gach liamhás a dhíoltar ina iomláine, uimhir uathúil lena sainaithnítear é.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar geografach na bardais seo a leanas nó na codanna seo a leanas de bhardais (i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025):

Bardais a áirítear ina n-iomláine:

Roinn Landes: Hastingues, Oeyregave, Sorde-L’Abbaye.

Roinn Pyrénées-Atlantiques: Abitain, Ahaxe-Alciette-Bascassan, Ahetze, Aïcirits-Camou-Suhast, Aincille, Ainharp, Ainhice-Mongelos, Ainhoa, Aldudes, Alos-Sibas-Abense, Amendeuix-Oneix, Amorots-Succos, Ance Féas, Andrein, Anglet, Angous, Anhaux, Aramits, Arancou, Araujuzon, Araux, Arbérats-Sillègue, Arbonne, Arbouet-Sussaute, Arcangues, Aren, Arhansus, Armendarits, Arnéguy, Aroue-Ithorots-Olhaïby, Arrast-Larrebieu, Arraute-Charritte, Ascain, Ascarat, Athos-Aspis, Audaux, Aussurucq, Auterrive, Autevielle-Saint-Martin-Bideren, Ayherre, Banca, Barcus, Bardos, Barraute-Camu, Bastanès, La Bastide-Clairence, Bassussarry, Béguios, Béhasque-Lapiste, Béhorléguy, Bergouey-Viellenave, Berrogain-Laruns, Beyrie-sur-Joyeuse, Biarritz, Bidache, Bidarray, Bidart, Biriatou, Bonloc, Briscous, Bugnein, Bunus, Burgaronne, Bussunarits-Sarrasquette, Bustince-Iriberry, Cambo-les-Bains, Came, Camou-Cihigue, Caro, Carresse-Cassaber, Castagnède, Castetbon, Castetnau-Camblong, Charre, Charritte-de-Bas, Chéraute, Ciboure, Dognen, Domezain-Berraute, Escos, Espelette, Espès-Undurein, Espiute, Esquiule, Estérençuby, Etcharry, Etchebar, Gabat, Gamarthe, Garindein, Garris, Géronce, Gestas, Geüs-d’Oloron, Gotein-Libarrenx, Guéthary, Guiche, Guinarthe-Parenties, Gurs, Halsou, Hasparren, Hélette, Hendaye, L’Hôpital-d’Orion, L’Hôpital-Saint-Blaise, Hosta, Ibarrolle, Idaux-Mendy, Iholdy, Ilharre, Irissarry, Irouléguy, Ispoure, Issor, Isturits, Itxassou, Jasses, Jatxou, Jaxu, Juxue, Laàs, Labastide-Villefranche, Labets-Biscay, Lacarre, Laguinge-Restoue, Lahonce, Lantabat, Larceveau-Arros-Cibits, Larressore, Larribar-Sorhapuru, Lasse, Lay-Lamidou, Lecumberry, Léren, Lichans-Sunhar, Lichos, Licq-Athérey, Lohitzun-Oyhercq, Louhossoa, Lourdios-Ichère, Luxe-Sumberraute, Macaye, Masparraute, Mauléon-Licharre, Méharin, Mendionde, Menditte, Méritein, Moncayolle-Larrory-Mendibieu, Montfort, Montory, Mouguerre, Moumour, Musculdy, Nabas, Narp, Navarrenx, Oraàs, Ordiarp, Orègue, Orin, Orion, Orriule, Orsanco, Ossas-Suhare, Ossenx, Osserain-Rivareyte, Ossès, Ostabat-Asme, Pagolle, Poey-d’Oloron, Préchacq-Josbaig, Préchacq-Navarrenx, Rivehaute, Roquiague, Saint-Dos, Saint-Esteben, Saint-Etienne-de-Baïgorry, Saint-Gladie-Arrive-Munein, Saint-Goin, Saint-Jean-de-Luz, Saint-Jean-le-Vieux, Saint-Jean-Pied-de-Port, Sain-Just-Ibarre, Saint-Martin-d’Arberoue, Saint-Martin-d’Arrossa, Sain-Michel, Saint-Palais, Saint-Pé-de-Léren, Saint-Pée-sur-Nivelle, Saint-Pierre-d’Irube, Salies-de-Bearn, Sames, Sare, Saucède, Sauguis-Saint-Etienne, Sauveterre-de-Béarn, Souraïde, Suhescun, Sus, Susmiou, Tabaille-Usquain, Tardets-Sorholus, Trois-Villes, Uhart-Cize, Uhart-Mixe, Urcuit, Urepel, Urrugne, Urt, Ustaritz, Verdets, Viellenave-de-Navarrenx, Villefranque, Viodos-Abense-de-Bas.

Bardais a áirítear go páirteach:

Roinn Landes: Cauneille, Peyrehorade.

Roinn Pyrénées-Atlantiques: Alçay-Alçabéhéty-Sunharette, Arette, Bayonne, Haux, Lacarry-Arhan-Charritte-de-Haut, Lanne-en-Barétous, Larrau, Mendive, Oloron-Sainte-Marie, Sainte-Engrâce.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Síneann limistéar geografach ‘Jambon du Kintoa’ thar thír iomlán na mBascach sa Fhrainc agus roinnt cantún agus/nó bardas cóngarach ar an teorainn thoir agus thuaidh. Is é sin an chuid thiar de na Réamh-Phiréiní, a bhfuil teorainn aige leo ó dheas. Tá teorainn thiar aige leis an Aigéan Atlantach.

Saintréith dá aeráid mhuirí is ea leibhéil arda báistí (1 200 go 2 000 mm/bliain), ar báisteach í a scaiptear go cothrom i rith na bliana, gan aon tréimhse thirim. Tá teochtaí cineálta ann freisin, fiú amháin sa gheimhreadh. Tugann an ghaoth aneas de chineál Föhn teas dian agus aer tirim go headrannach i rith na bliana – go háirithe san earrach agus san fhómhar – agus malartú tréimhsí níos fliche agus níos fuaire ann a bhfuil baint aige le suaití aigéanacha a tharlaíonn.

Tá an tírdhreach ceannasach comhdhéanta de limistéir shaothraithe agus féarthailte ag bun abhantrach agus sna limistéir ísle uile atá gar do limistéir chónaithe; meascán d’fhéarthailte; fraochmhánna agus coillte ar thaobhanna cnoic; agus fraochmhánna agus féarthailte nádúrtha ar bheanna shléibhte agus mhullach.

Tagann an téarma 'Kintoa' ón tobhach le haghaidh muca féaraigh, ar tobhach é dá ngairtear an 'tobhach an chúigiú cuid' de ghnáth [*droit de quinta*], arna fhorchur ag ríthe Navarre ón 13ú haois ar a laghad ar mhuca a tiománaíodh le linn buailteachais isteach ar shléibhte ríoga Navarre. Bhailigh na ríthe cáin ar mhuc amháin as gach cúig cinn, agus sin is cúis leis an ainm a thugtar ar an tobhach.

Tagann 'Jambon du Kintoa' ó mhuca de phór Dubh Alabhreac na mBascach, ar pór é de chineál Meánmhuirí ar a dtugtar an cineál Ibéarach freisin. Tá ráta mall fáis aige. Is ainmhí crua é agus tá sé in ann déileáil le héagsúlachtaí suntasacha san aeráid agus sa bheatha, agus tá sé in ann a chúltaiscí saille a fhorbairt go tapa nuair a bhíonn bia flúirseach.

Caitheann na muca a 7 mí deiridh ar a laghad i limistéar ránaíochta sonrach. Sin an áit ina bhfaigheann siad a mbrat saille agus a saill ionmhatánach. Tá éagsúlacht sa bhia a aimsíonn siad sa réimse ránaíochta. Thar aon ní eile, áiríonn sé plandaí féir agus plandaí luibheacha, chomh maith le – ar bhealach éagsúil agus ar bhealach nach bhfuil chomh comhsheasmhach céanna – torthaí triomaithe (dearcáin, castáin, etc.), feithidí, péisteanna, fréamhacha agus plandaí eile.

Maraítear na muca agus iad measartha sean (12-24 mhí, i gcomparáid le 5-6 mhí i gcás muca tionsclaíocha a tháirgeann feoil), tar éis dóibh a matáin a aclú go mór faoi dheireadh a saoil.

Tá an limistéar geografach (go háirithe Salies-de-Béarn) suntasach mar gheall ar tháirgeadh salainn, a úsáidtear go traidisiúnta chun liamhása a tháirgtear sa réigiún a shailleadh. Is ann freisin a tháirgtear púdar an phiobair 'Piment d'Espelette'/'Piment d'Espelette – Ezpeletako Biperra'. Úsáidtear an púdar sin go traidisiúnta chun aghaidh inmheánach an liamháis a chumhdach ar baineadh a bhratú de ag deireadh na céime aibithe.

Tógann sé tamall fada – 16 mhí ar a laghad – an liamhás a tháirgeadh. Tar éis réamhthriomú, déantar an liamhás a bhratú i meascán saille blonag-bhunaithe. Ní mór 6 mhí ar a laghad a bheith ann ón tseachtain ina ndéantar sailleadh ar an liamhás go dtí an tseachtain ina dtosaíonn an t-aibiú. Leantar den táirgeadh agus déantar aibiú 10 mí ar a laghad i seomraí atá nasctha leis an taobh amuigh trí oscailtí lenar féidir leis an aer a bheith i gcúrsaíocht. Tá na seomraí sin suite ar thaobhanna éagsúla den fhoirgneamh agus tá íosmhéideanna réamhshainithe acu. Ligeann na hoscailtí don teocht agus do na dálaí bogthaise athrú i gcomhréir leis an aeráid áitiúil.

Nuair a itear é, bíonn uigeacht mhín bhog na saille ag an liamhás, chomh maith le dea-bholaithe ime, casarnaí, feola leasaithe, torthaí triomaithe (lena n-áirítear cnónna coill) agus suibhe. Bíonn blas dian air a fhanann sa bhéal.

Nasc cúisíoch

In aeráid chineálta agus thais an limistéir gheografaigh, fásann an féar le haghaidh innilte beagnach go leanúnach, rud a ligeann don limistéar ránaíochta beatha a sholáthar do na muca ar feadh a gcuid ama amuigh faoin aer, ar feadh 7 mí ar a laghad. Is féidir an bheatha sin a fhorlíonadh le torthaí faoi chrainn atá tipiciúil i dtimpeallacht nádúrtha na mBascach (dair choiteann, crainn castán agus feá).

Tá pór Dubh Alabhreac na mBascach oiriúnaithe d'innilt sa tírdhreach seo mar gheall ar a shaintréithe fisiceacha: tá an mhuc crua, tá sí an-oiriúnach d'fhánaíocht agus baineann sí úsáid an-mhaith as na plandaí sa limistéar ránaíochta. Athraíonn an rannchuidiú beatha sin ón limistéar ránaíochta go nádúrtha, ag brath ar an séasúr. Le linn na tréimhse críochnaithe, áfach, tá thart ar 50 % d'iontógáil laethúil na muc i gceist leis. Tá frithocsaídeoirí agus comhdhúile aramatacha ann a théann ar aghaidh chun tionchar a imirt ar thréithe orgánaileipteacha an liamháis.

Tá sé léirithe go gcarnann fíochán sailleach na comhdhúile atá ann sna plandaí a thomhlaítear. Bíonn tionchar ag na substaintí sin ar chinéitic ocsaídiúcháin na saille, rud a chuireann moill ar thús na bréine agus a chuireann ar a chumas don liamhás aibiú ar feadh tréimhse níos faide, rud a dhéanann difear ar bhealach sonrach do dháileadh comhdhúl inbhlasta agus aramatach. Dá fhaide an chéim thriomaithe agus aibithe, is ea is mó a bheidh an éifeacht sin, ag brath den chuid is mó ar an gcineál fásra atá á innilt.

Is é atá i gceist leis na modhanna traidisiúnta chun an liamhás a shailleadh, a thriomú agus a aibiú sa limistéar geografach ná salann áitiúil a úsáid, ó Salies-de-Béarn, ar salann é a bhfuil saintréithe sonracha aige (agus iad saibhir i riandúile, i gcriostail mhóra, agus mar sin de) agus atá an-oiriúnach do shailleadh. Tá 'Piment d'Espelette', a úsáidtear chun aghaidh inmheánach an liamháis a chumhdach, an-oiriúnach, mar gheall ar dhéine measartha íseal an spíosra.

Táirgeann saintréithe an amhábhair liamhás a bhfuil saill ionmhatánach ann, rud a thugann a chuma mharmarach agus uigeacht mhín bhog dó.

Nochtar an aeráid do fhlosc an aigéin, arb é is príomhthréith di leibhéil arda báistí a scaiptear go cothrom i rith na bliana agus gaoth aneas de chineál Föhn, rud a chuidíonn lena thréithe orgánaileipteacha ar leith a sholáthar don liamhás. Mar gheall ar an tréimhse fhada (10 mí ar a laghad) a bhaineann le haibiú i seomra atá oscailte do thionchar na haeráide lasmuigh, le héagsúlachtaí teochta agus bogthaise atá nasctha leis na timthriallta aeráide nádúrtha, is féidir leis an liamhás a acmhainneacht a chur in iúl go hiomlán, rud a dhéanann difear thar aon ní eile dá dheabholadh agus dá bhlas.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-869add39-f09a-4bf5-89e0-c8fe6cc07713